An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Gairmchlár na hArdteistiméireachta Tuairisc ar chás-staidéar Mheánscoil na mBráithre Críostaí, Mainistir na Corann

Márta 2022

## An Clár Ábhar


CÚLRA ..... 1

AN CÁS-STAIDÉAR ..... 3

MACHNAIMH A DHÉANAMH AR AN GCÁS-STAIDÉAR ..... 5
- Socrú Amchláir ..... 6
- Pleanáil ..... 7
- Ionchuir Réamhphrintíseachta ..... 7
- Gairmthreoir ..... 8
- Aicmí Nua Gairmábhar agus conair réamhphrintíseachta in GCAT ..... 8

TORTHAÍ ÓN GCÁS-STAIDÉAR ..... 9

**Aguisín 1: Breac-Chuntas ar an bPlean ..... 11**

# Cúlra

Rinneadh dhá fheasachán a scaipeadh ar na hiar-bhunscoileanna uile in 2018/2019 mar pháirt den chumarsáid a bhain le hAthbhreithniú na Sraithe Sinsearaí inar leagadh amach na téamaí atá ag teacht chun cinn. Ar na téamaí seo bhí an gá le solúbthacht bhreise d'fhonn conairí éagsúla sa tsraith shinsearach a chur san áireamh.

> *I measc na ndúshlán a sainaithníodh bhí an easpa rochtana ar fhoghlaim theicniúil, ghairme, chruthaitheach agus ghairmiúil; an iomarca béime ar chonair amháin (an Ardteistiméireacht Bhunaithe); easpa solúbthachta chun gnéithe de chláir dhifriúla a chur le chéile; nach bhfuil conaire leantach ar fáil do scoláirí a thugann faoi fhoghlaim ar leibhéal 1 agus leibhéal 2 sa tsraith shóisearach; agus nach bhfuil dóthain tacaíochtaí ann do dhul chun cinn scoláirí chuig réimse conairí sa todhchaí, le béim rómhór ar dhul chun cinn go dtí an tríú leibhéal. Measadh go raibh solúbthacht níos mó de dhíth chun go bhféadfadh an scoláire tabhairt faoi chonairí difriúla tríd an tsraith shinsearach inmhianaithe.* (CNCM, 2019, lch 12)

Ar an bhfeasachán seo a fháil, bhí focal ag scoil amháin leis an CNCM ag rá gur sholáthraigh an ráiteas seo réasúnaíocht don chlár nuálach a bhí á fhorbairt acu chun freastal ar riachtanais cuid shuntasach den chohórt mac léinn.

Rinne an scoil, Meánscoil na mBráithre Críostaí, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí, scrúdú ar riachtanais a mac léinn agus fuair amach nach raibh an bhéim atá ann faoi láthair ar chonair don tríú leibhéal ag freastal ar thart ar 20% den chohórt mac léinn. D'fhonn na scoláirí seo a bheith páirteach i gclár na hIdirbhliana (TY), d'fhorbair an scoil clár do scoláirí na hIdirbhliana le béim ar leith ar chonair réamhphrintíseachta a fhorbairt. Mar gheall ar roinnt tosca dhírigh siad ar cheirdeanna thionscal na foirgníochta:

- Rinneadh suirbhé ar scoláire le linn seisiún treorach agus den chuid is mó, roghnaigh siad cláir phrintíseachta bunaithe ar fhoirgníocht le linn tréimhse scóipe tosaigh
- Bhí saineolas tionsclaíochta san fhoireann teagaisc ag an scoil agus taithí thionscal foirgníochta ag roinnt múinteoirí, cuid acu ina gceardaithe cáilithe
- I measc cohórt na mac léinn ba léir go raibh suim acu a bheith ag gabháil do ghairmeacha praiticiúla i bhfianaise an ardéilimh thraidisiúnta ar ábhair phraiticiúla sa scoil.

Táirgeadh modúl neamhspleách ar a tugadh Gairmrang na hIdirbhliana do na scoláirí a tháinig chun cinn sa phróiseas seo agus suim acu i dtuilleadh foghlama faoi na printíseachtaí éagsúla a bhaineann leis na ceirdeanna tógála.

Eagraíodh agus rinneadh maoirsiú ar an rang seo ag ball foirne a raibh printíseacht críochnaithe aige i gceird tógála, i ngairm a bhí aige roimhe sin agus taithí roinnt blianta aige ag obair sa tionscal seo go háitiúil agus go hidirnáisiúnta. Thug an ball foirne seo faoin ról mar Chomhordaitheoir Ghairmranga na hIdirbhliana agus d'obair go dlúth le Comhordaitheoir na hIdirbhliana le cinntiú go n-éireodh leis an gclár seo. Agus tacaíocht dhíograiseach acu ó thionscal áitiúil, thug siad faoi chuairteanna láithreáin, chríochnaigh siad an cúrsa Pas Sábháilte, thug siad faoi thaithí oibre agus d'obair siad le SOLAS le riachtanais a gconairí printíseachta a mheasúnú. Ba é an gá le haghaidh tacaíocht bhreise i litearthacht agus i scileanna matamaiticiúla do na scoláirí seo chun riachtanais a bhaineann le printíseacht fostóir a chomhlíonadh ar na príomhrudaí a d'fhoghlaim siad ón teagmháil seo leis an dtionscal. Cuireadh ranganna breise sa mhatamaitic agus sa litearthacht chomh maith le scileanna TF ar fáil do scoláirí an chláir seo.

Toisc gur éirigh chomh maith sin leis an gClár réamhphrintíseachta bhí gá ann do rogha leantach do na scoláirí agus iad ag bogadh ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile sa tsraith shinsearach. Rinne an scoil a dhearbhú, gurb é gairmchlár na hardteistiméireachta an áit ab fhearr don chonair phrintíseachta seo, tugadh GC(P)AT air ag an scoil. Rinne an scoil moladh a fhorbairt don chonair seo a chuir leis an gclár a forbraíodh in Idirbhliain agus a thacaigh le riachtanais na scoláirí agus iad ag leanúint lena réamhphrintíseacht. Leis an moladh seo thiocfadh leis na scoláirí conair eile le dul chun cinn a roghnú dá mba mhian leo. É sin ráite, eisiadh an chuid is mó den chohórt mar gheall ar chritéir iontrála GCAT bunaithe ar na hAicmí Nua Gairmábhar (ANG) atá riachtanach le haghaidh áit a fháil ar an gclár. Rinneadh na hANGanna a uasdátú in 2013 ach ní áirítear iontu aon de na sonraíochtaí ábhair níos déanaí amhail An Pholaitíocht agus an tSochaí, Ríomheolaíocht nó Corpoideachas. Ní thiocfadh le scoláire a roghnaigh na hábhair seo mar chuid dá roghanna riachtanais iontrála GCAT a chomhlíonadh. Chuathas chun cainte leis an CNCM chun scóip a mheas ar inmharthanacht an chláir atá beartaithe i bhfianaise na n-aidhmeanna sonraithe agus conair athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí. Dá thoradh sin, beidh cás-staidéar le déanamh ag Meánscoil na mBráithre Críostaí, Mainistir na Corann chun an GCAT beartaithe a mbeidh fócas printíseachta ann a scrúdú, le tacaíocht ón CNCM. Ag an am, beartaíodh go n-úsáidfí torthaí an chás-staidéir chun cur leis an gcinnteoireacht sa réimse seo.

## An Cás-staidéar

Comhaontaíodh téarmaí an chás-staidéir i mí Lúnasa 2019. Mhairfeadh an cás-staidéar dhá bhliain agus dhéanfadh sé scóip a mheas ar an bhféidearthacht atá ann imfhálú GCAT a bhaint agus iniúchadh a dhéanamh ar na riachtanais nó iarmhairtí breise an togra. Cuirtear an t-imfhál GCAT i bhfeidhm trí mhodh riachtanais na nAicmí Nua Gairmábhar. Mura roghnaíonn scoláire an teaglaim ábhar mar a leagtar amach i gciorclán na Roinne Oideachais 0040/2013 ní féidir leo rochtain a fháil ar chlár GCAT. Ghlac an scoil le haiseolas ar dhul chun cinn an chás-staidéir thar an dá bhliain a sholáthar agus bhain feidhm as na critéir seo a leanas:

- Tarscaoileadh an ceanglas chun critéir na nAicmí Nua Gairmábhar a chomhlíonadh d'fhonn GCAT a dhéanamh don chohórt scoláirí seo (iontráil mhí Mheán Fómhair 2019) agus don chéad chohórt scoláirí eile (iontráil mhí Mheán Fómhair 2020).
- Bhí ar na scoláirí na ceanglais iontrála eile do GCAT a chomhlíonadh, i.e. bheadh ar scoláirí 5 ábhar ar a laghad a dhéanamh agus ní mór don Ghaeilge a bheith ar cheann acu, bhí orthu staidéar a dhéanamh ar dhá nascmhodúl agus ceanglas orthu nuatheanga iasachta a leanúint (mar a leagtar síos i gciorclán na Roinne Oideachais 0040/2013)[1]

[1]I gcásanna nuair nach bhfuil scoláire ag leanúint clár na hArdteistiméireachta nó clár don Teastas Sóisearach i nuatheanga Eorpach, ní mór do scoileanna rang teanga amháin in aghaidh na seachtaine ar a laghad a chur ar fáil thar an dá bhliain, nó a choibhéis, d'fhonn ceanglas GCAT maidir le teanga Eorpach nua-aimseartha a chomhlíonadh. Féadfaidh siad rogha ATF nó FETAC (Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna) a roghnú, nó malairt eile arna bhforbairt ag an scoil. I gcás roghanna malartacha arna bhforbairt ag scoileanna, déanfar an measúnú ag leibhéal na scoile agus ní bheidh deimhniú náisiúnta ar fáil trí ATF nó FETAC (Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna).
Na scoláirí sin atá díolmhaithe ón gceanglas maidir le staidéar na Gaeilge faoi théarmaí Rialacháin 46(c) de na *Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna*, beidh orthu fós modúl theanga Eorpaigh nua-aimseartha a leanúint. Meabhraítear do scoileanna go dtig leo a modúl féin a fhorbairt agus an leibhéal agus an t-inneachar a oiriúnú do riachtanais agus cumais na scoláirí lena mbaineann. Déanfar an measúnú, áfach, ag leibhéal na scoile don a leithéid de roghanna, agus ní bheidh deimhniú náisiúnta ar fáil trí roghanna ATF nó FETAC. (DE, 0040/2013)

Bhí gnéithe eile ag baint leis an dtogra tosaigh de chuid Mheánscoil na mBráithre Críostaí, Mainistir na Corann amhail coigeartuithe molta maidir leis an scrúdú deiridh GCAT agus leithdháileadh maoinithe. Níor bhain gnéithe an togra seo le hábhar an chás-staidéir seo. Tá ábhar spéise le mothú i dtuairisciú ar éabhlóid an chas-staidéir. Áirítear leo sin:

- Conairí malartacha printíseachta
- Scóip riachtanais an scoláire a mheas
- Idirchaidreamh a dhéanamh le tionscail agus le gnólachtaí áitiúla
- Idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara eile amhail SOLAS, ETBI srl.
- Riachtanais threoracha an scoláire a mheas thar ré an chláir
- Riachtanais a bhaineann le hamchlár, le leithdháileadh múinteoirí agus le hacmhainní an chláir a fhiosrú
- Bealaí chun feabhas a chur ar stádas an chláir a fhiosrú
- Bealaí tuairiscithe ar dhul chun cinn an scoláire a fhiosrú.

Is é príomhoide na scoile a bheidh freagrach as an gcás-staidéar, le cúnamh ó chomhordaitheoir an chláir agus ó chomhordaitheoir Ghairmghrúpa na hIdirbhliana. Bhí an méid seo a leanas le bheith sna tuarascálacha eatramhacha agus deiridh:

- Socruithe amchláir
- Am a chur ar fáil le haghaidh pleanála
- Taifead ar chuairteanna ar an láthair, cainteoirí cuairte, ionchuir ó earnáil na tionsclaíochta
- Taifead ar sheisiúin ghairmthreorach
- Aiseolas ó scoláire, tuismitheoirí agus múinteoirí
- Tuarascáil leantach ar dhul chun cinn an scoláire
- Machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas.

**Tacaíocht**

Shocraigh CNCM tacú leis an gcás-staidéar seo thar tréimhse an imscrúdaithe agus comhairle agus tacaíocht a sholáthar maidir le dearadh agus cur chun feidhme an togra trí mheantóireacht a sholáthróidh an tOifigeach Oideachais naisc. Chomh maith leis sin, dhearbhaigh an Rannóg Leithdháilte Múinteoirí sa Roinn Oideachais agus Scileanna go bhféadfadh sé an leithdháileadh breise a cheadú ar feadh tréimhse an treoirthionscadail, is é sin ná, 2 uair an chloig in aghaidh na seachtaine do chomhordaitheoir chláir le haghaidh Meánscoil na mBráithre Críostaí, Mainistir na Corann chun tacú le tástáil phíolótach ar an gcás-staidéar GC(P)AT a chur i gcrích.

## Machnaimh a dhéanamh ar an gcás-staidéar

Thar tréimhse an chás-staidéir thug nascdhuine CNCM cuairt ar an scoil agus labhair le múinteoirí agus scoláirí an chláir. Bhí go leor glaonna gutháin agus cruinnithe ar líne le dul chun cinn an chás-staidéir a phlé. Foilsíodh tuarascáil eatramhach ag an scoil agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird don tSraith Shinsearach í. Tá na machnaimh seo a leanas bunaithe ar an tuarascáil eatramhach agus cruinnithe níos déanaí agus cuireadh faoi láthair ag an scoil iad mar chuid dá dtuairiscithe ar an gcás-staidéar.

D'éirigh go han-mhaith le bliain a haon den chás-staidéar in ainneoin na ndúshlán iomadúil a bhain leis na srianta mar gheall ar Covid-19, foghlaimíodh go leor faoin bpraiticiúlacht ó thaobh tacaíocht a thabhairt do scoláire sna réimsí litearthachta, matamaitice agus gairmthreorach.

Do Chomhordaitheoir an Chláir agus comhordaitheoir Ghairmghrúpa na hIdirbhliana, bhí an fócas ar thacaíocht a thabhairt do scoláire ag smaoineamh ar chonair phrintíseachta agus gnéithe den GCAT a úsáid chun tacú leis an obair seo (tá mionsonraí iomlána an sracphlean le fáil in Iarscríbhinn 1). Baineadh úsáid as topaicí laistigh den GCAT, lena n-áirítear imscrúduithe gairmeacha, taithí oibre agus scileanna agallaimh a fhorbairt. Léiríodh go gasta go raibh teorainneacha ama mar chosc suntasach maidir le dul chun cinn de thairbhe nach raibh ach dhá thréimhse ranga in aghaidh na seachtaine a bhí leithdháilte ar bhaineadh amach na dtorthaí beartaithe don scoláire. Roinneadh an dá thréimhse ranga: ceann acu don ábhar GCAT agus ceann eile do theagasc matamaitice breise de réir mar a d'iarr an scoláire.

Tar éis athbhreithniú ar bhliain a haon, tairgeadh don chéad chohórt (32 scoláire, iontráil mhí Mheán Fómhair 2019) an rogha chun leanúint d'fhonn tabhairt faoin scrúdú GCAT mhí Meithimh 2021 i ngrúpa amháin nó bogadh chuig grúpa nua áit nach dtabharfaidís faoin scrúdú d'fhonn díriú níos mó ar na gnéithe réamhphrintíseachta eile. Roghnaigh 16 scoláire tabhairt faoin scrúdú GCAT agus roghnaigh 16 gan é a dhéanamh. Rinne an dá ghrúpa staidéar ar sheacht n-ábhar: dóibh siúd a roghnaigh an scrúdú i GCAT a dhéanamh, ba é an t-ochtú hábhar dá gcuid. Tá an dara cohórt (iontráil mhí Mheán Fómhair 2020) ag leanúint leis an gclár GCAT chun ullmhú leis an scrúdú GCAT i mí Meithimh 2022.

Bhí an-tionchar ag Covid-19 agus na srianta a tháinig dá bharr ar ardaidhmeanna an chás-staidéir. Bhí orthu stop a chur leis na cuairteanna láithreáin, taithí oibre, cúrsaí Pas Sábháilte agus cuairteanna ag ceannairí tionscail ar feadh an chuid is mó de 2020 agus 2021. Cuireadh isteach ar spriocanna bunaidh an chás-staidéir, is iad sin scileanna réamhphrintíseachta do scoláire a fhorbairt agus conairí gairme a leathadh dá bharr. Bhí tionchar freisin ag gnéithe comhthéacsúla

eile ar an gcás-staidéar amhail an príomhoide ag dul ar scor in 2020 chomh maith leis an scoil ag druidim arís agus arís eile thar an dá bhliain den tionscadal.

Bíodh sin mar atá, i ngeall ar na ceisteanna a sainaithníodh trí chlár réamhphrintíseachta na hIdirbhliana amhail an gá atá ann le haghaidh fócas méadaithe ar litearthacht, matamaitic agus scileanna TF chomh maith le gairmthreoir níos leanúnaí thar dhá bhliain an chás-staidéir, rinne scoláirí scoite amach a n-ionchais ghairme a athmheasúnú agus conairí malartacha a shainaithint i ndiaidh scoile. Chríochnaigh 30 scoláire an cúrsa in 2021, tá dháréag acu ag déanamh cláir phrintíseachta agus tá naonúr acu ag leanúint cúrsaí ardoideachais i réimsí éagsúla amhail cothú, altranas síceolaíochta, bainistíocht spóirt agus gnó agus teicneolaíocht ailtireachta. Toradh gan choinne den ghairmthreoir bhreise agus iniúchadh ar conairí gairme lasmuigh den chonair thraidisiúnta chuig an tríú leibhéal a bhí sa dara grúpa seo.

## Socrú Amchláir

Ag tús an chás-staidéir seo, d'oibrigh Meánscoil na mBráithre Críostaí, Mainistir na Corann ar thimthriall tríbhliantúil. Níorbh fhéidir an t-amchlár a athrú ag tús an chás-staidéir do na scoláirí ag dul isteach sa chúigiú bliain in 2019 agus 2020. Mar thoradh air seo ní raibh ach dhá thréimhse in aghaidh na seachtaine, ag tréimhse teagaisc, le tabhairt faoin GCAT agus gnéithe breise dírithe ar phrintíseacht. Roghnaíodh GCAT ag an am mar an t-ochtú ábhar breise, roghnaithe in ionad dhá rang teagaisc in aghaidh na seachtaine.

Athraíodh formáid an GCAT don scoláire ag dul isteach sa chúigiú bliain in 2021 agus cuireadh ar fáil é mar rogha lánábhair le trí rang uair an chloig. Leis sin beidh deis ann croícheanglais GCAT a mhúineadh i dteannta leis na ranganna breise i litearthacht, matamaitic agus TFC chomh maith leis na scileanna agus gníomhaíochtaí réamhphrintíseachta. Cuireann sé seo deireadh leis an mbrú ama a bhí ina chúis leis an difríocht san fhócas don chéad dhá chohórt.

Leis an socrú amchláir nua cuireadh an clár sa chlár ama i gcoinne roghanna na Nuatheangacha Iasachta. San am a chuaigh thart, ba ghnáth Staidéir Foirgníochta nó Gnó a thairiscint do na scoláirí a roghnaigh gan staidéar a dhéanamh ar theangacha. D'admhaigh an scoil go bhfuil sé deacair, mar gheall ar na socruithe amchláir nua, an ceanglas teanga don GCAT a chomhlíonadh, ach don ghrúpa áirithe scoláirí seo, níor nós leo teangacha a roghnú.

Ba iad an rang breise matamaitice in aghaidh na seachtaine, na scileanna litearthachta breise agus an ghné TFC na gnéithe den fhócas breise printíseachta a giorraíodh don chéad dhá chohórt. Ba thrua seo mar i measc na dtairbhí a bhain leis an ábhar sa chúrsa GCAT le chéile leis an tacaíocht a tugadh sna ranganna matamaitice, litearthachta agus TFC rinneadh muinín a lán scoláirí a chothú agus cumasaíodh go leor acu conairí gairme nua a thriail. Cé gur féidir le gairmthreoir bhreise na conairí seo a thaispeáint, bíonn gá ann leis na scoláirí a bhraith go raibh siad i leataobh nó scoite

amach ón dara bliain le haghaidh sásra tacaíochta a bheadh leo agus iad ag tabhairt faoi na conairí seo. Is é dearcadh na scoile gur léim rómhór í dóibh siúd nach bhfuil mórán muiníne acu an t-aistear seo a chríochnú leo féin. Tá gá ag na scoláirí seo le hábhar GCAT le chéile le ranganna seachtainiúla a bhaineann le croíscileanna acadúla a fhorbairt.

Cuireann an socrú amchláir nua agus an t-am breise a sholáthraítear ar chumas na scoile ábhair dhóchais don chlár a bhaint amach agus a léiriú arís gurb é GCAT an áit is fearr don chonair phrintíseachta seo.

## Pleanáil

Bhí trí thréimhse ranga 40 nóiméad ar fáil don chomhordaitheoir mar chuid den chás-staidéar. Ba mhór b'fhiú é seo ag an gcéim luath seo chun teagmhálacha agus idirchaidrimh le fostóirí, SOLAS agus páirtithe leasmhara eile a bhunú. Bíonn go leor ama de dhíth d'fhonn príomhphearsanra laistigh de na heagraíochtaí seo a aithint, a bhualadh leo agus ansin comhoibriú leo ar chlár a bheidh oiriúnach do riachtanais na scoláirí, na bhfostóirí agus ar cad is féidir a dhéanamh ó thaobh cainteanna, cuairteanna ar an scoil, cuairteanna ar láithreáin srl.

## Ionchuir Réamhphrintíseachta

Chuir COVID-19 isteach go mór ar an gclár. Sa samhradh 2020, ní mór do na cúig intéirneacht a eagraíodh a chur ar ceal agus comhlachtaí ag dul i ngleic leis an réaltacht nua a bhain le dianghlasálacha Leibhéal 5. Cuireadh cainteanna agus cuairteanna ar láithreáin pleanáilte sa théarma deiridh ar ceal freisin, mí Aibreáin-mí na Bealtaine 2020, agus cuireadh Gradam Phrintíseacht na Bliana ar ceal chomh maith le Searmanas Bronnta na Scoile.

San Fhómhar 2020, socraíodh taithí oibre i gcomhar le CTF (Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta) agus roinnt comhpháirtithe tionscail. Ar an drochuair, chuir srianta méadaithe Covid-19 i mí Dheireadh Fómhair cosc arís leis seo a chur i gcrích. Bhí scoláirí aonair in ann socruithe do thaithí oibre a dhéanamh ag an am sin. Bhí an rang in ann dul ar cuairt láithreáin chuig ceann de na tacadóirí tionsclaíochta áitiúla agus bhuail siad agus chuaigh i bplé le printísigh ansin. Leanadh leis an dteagmháil le comhpháirtithe tionscail agus tá cuid mhaith acu ag cur tús lena bpróiseas earcaíochta. Cuireadh an fhoireann threorach agus an Comhordaitheoir Gairme go hiomlán ar an eolas maidir leis na deiseanna seo do na scoláirí agus cuireadh tús an athuair le hoiliúint agallaimh. Is réamhriachtanas do thaithí oibre sa tionscal foirgníochta é cúrsa Pas Sábháilte a chríochnú. Tá sé seo dúshlánach do scoláirí mar go bhfuil an cúrsa costasach agus, de dheasca Covid-19, tá riaráiste suntasach ann atá ag cur bac ar chumas na scoláirí an ghné riachtanach seo d'oiliúint réamhphrintíseachta a chríochnú.

## Gairmthreoir

Ba é an bhéim leanúnach sheachtainiúil ar ghairmeacha an príomhbhuntáiste do na scoláirí. Mar thoradh air seo, rinne dhá thrian de na 32 scoláire a bhí sa chéad chohórt athmhachnamh ar bhreisoideachas agus ar ardoideachas mar phríomhrogha, agus bhí méadú iarmhartach ann ina rannpháirtíocht ghníomhach lena gcuid oibre scoile. Rinneadh seo a chumasú trí dhlúth-chomhoibriú agus tacaíocht na foirne treorach. Do na scoláirí seo, an mhórchuid acu nach mbeadh in ann a bheith páirteach i GCAT gan na hAicmí Nua Gairmábhar a chur ar leataobh dóibh, chuir an rang timpeallacht shábháilte ar fáil dóibh ina dtiocfadh leo a gcuid amhrais agus ábhar imní faoin todhchaí a roinnt mar ghrúpa le chéile. Thug na ranganna matamaitice sa bhreis sa chúigiú bliain, chomh maith leis an meantóireacht a cuireadh ar fáil tríd an bhéim sa bhreis ar ghairmthreoir, thug siad a ndúshlán chun athmhachnamh a dhéanamh ar a bhféiniúlacht acadúil agus chun spéis a chur ina gcuid staidéir arís agus tuiscint níos soiléire acu ar na deiseanna iarscoile atá ar fáil dóibh.

## Aicmí Nua Gairmábhar agus conair réamhphrintíseachta in GCAT

Is deacair an t-athrú i gcónaí agus bítear ag dúil le dúshláin, ach is an-rud é clár printíseachta a bheith mar dhlúthpháirt GCAT. Chuir Covid-19 isteach go mór ar an oiread sin tionscnamh a bhí beartaithe ach tá an scoil go mór den tuairim gurb é GCAT, rochtain iomlán ag na scoláirí go léir, an áit chuí don chlár conaire printíseachta. Den 32 scoláire a bhí páirteach, ní bheadh i bhfad níos mó ná leath cuid acu in ann a bheith páirteach dá mbeadh na hANGanna in áit. Bhain gach scoláire tairbhe as an mbéim sheachtainiúil ar ghairmeacha agus as an meantóireacht a chuir an comhordaitheoir agus an fhoireann treorach ar fáil. Cé nach raibh an scoil in ann roinnt gníomhaíochtaí a bhí beartaithe a reáchtáil mar gheall ar Covid-19, bhain na scoláirí a lán tairbhe as an gclár cibé agus de thairbhe an chláir, bhí áit shábháilte ag na scoláirí chun a gcuid féiniúlacht oideachasúil a fhiosrú agus a cheistiú.

## Torthaí ón gcás-staidéar

Thuairiscigh CBS Mainistir na Corann na torthaí seo a leanas, bunaithe ar an taithí a fuarthas tríd an gcás-staidéar a dhéanamh.

- Ba é an príomhthoradh ón gcás-staidéar ná gur chóir go mbeadh fáil ag gach scoláire ar GCAT. Ba cheart go mbainfear an rochtain theoranta ar an gclár trí na hAicmí Nua Gairmábhar sriantacha. Níor chóir go mbeadh bac ar bith ann d'oideachas na scoláirí go háirithe laistigh den chóras oideachais.
- Ba cheart go gcuirfear deireadh leis an gceanglas GCAT maidir le Nuatheanga Iasachta. Is rud stairiúil é an ceanglas seo agus baineann an bunús atá leis le bunú an GCAT in Éirinn. Níl baint ar bith ann le cúrsaí an tsaoil agus níl buntáiste ar bith ann leis don scoláire. Arís, níor chóir go mbeadh bac ar bith ann d'oideachas na scoláirí.
- Chun lántairbhe a bhaint as an GCAT leathnaithe, ba cheart go mbeadh sé sa chlár ama mar chomhábhar iomlán sa 5ú agus 6ú bliain. Go hiondúil, bhí GCAT sa chlár ama mar dhá rang a mhair 40 nóiméad an cheann agus mar ochtú rogha ábhair os comhair am ranga teagaisc. Agus aithint ann do GCAT mar chomhábhar iomlán, tá níos mó ama ann chun tacaíocht a thabhairt do na scoláirí ina gcuid croíscileanna acadúla sa dóigh is gur féidir le hathrú ó bhonn tarlú i bhféiniúlacht an scoláire agus sna féidearthachtaí atá ann sa todhchaí. Is é am an réiteach maidir le hacmhainn iomlán na scoláirí seo agus scoláirí GCAT a chothú. Do na scoláirí atá tar éis titim siar, ní leor é go bunúsach conairí gairme úra a thaispeáint, ní mór duit tús a chur leis an turas leo agus na scileanna acadúla a thabhairt dóibh chun na deiseanna atá rompu a thapú.
- Ba cheart go bhforbrófar gné TFC laistigh de chroíchuraclam GCAT chun an clár a thabhairt níos gaire do na scileanna lena bhfuil tionscal ag súil.
- Is gné riachtanach í béim leanúnach ar ghairmtheoir a chuimsíonn mionstaidéar gairme agus naisc le tionscal chun cur le raon na gconairí dul chun cinn don scoláire.
- Ba cheart go bhfaigheadh scoileanna atá ag soláthar Cláir Chonaire Printíseachta i GCAT leithdháileadh breise dhá uair in aghaidh na seachtaine ar a laghad le haghaidh críocha comhordaithe chun naisc a fhorbairt le tionscal, fostaithe, soláthraithe ardoideachais agus conairí printíseachta.

Cé go bhfuil torthaí an cháis seo teoranta do thaithí a bhí ag scoil amháin, is ionann iad cuid mhaith de na ceisteanna a tháinig chun cinn agus na hábhair imní in athbhreithniú na sraithe sinsearaí maidir leis na srianta ar rochtain ar an gclár. Tá tionchar ag sainmhínithe sriantacha na n-aicmí nua gairmábhar agus ag an ceanglas teanga ar an gcothromas rochtana don scoláire. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar na torthaí seo chomh maith leis na moltaí eile déanta ag an scoil maidir le forbairt an chláir agus aon athfhorbairt amach anseo á déanamh ar an tsraith shinsearach.

## Aguisín 1: Breac-Chuntas ar an bPlean

**Aidhmeanna:**

Déanfaidh an scoláire na nithe seo a leanas:

- Nuálaíocht agus fiontraíocht a léiriú
- Freagracht a ghlacadh as a bhfoghlaim féin
- Dul i dtaithí ar chúrsaí a bhíonn ag athrú
- Measúnú a dhéanamh ar shonraí agus smaoineamh ar réitigh d'fhadhbanna
- A gcuid machnaimh agus smaointe a chur in iúl go héifeachtach
- Bheith ag obair le daoine eile mar chuid d'fhoireann
- Roghanna gairme a fhiosrú agus a phleanáil
- Úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide
- Iniúchadh a dhéanamh ar ghnólachtaí áitiúla ag obair laistigh den tionscal foirgníochta
- Foghlaim óna dtaithí fein

**Cuspóirí:**

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire-

- Príomhfhoinsí fostaíochta an tionscail foirgníochta sa cheantar áitiúil a shainaithint
- Príomhghníomhaíochtaí eacnamaíochta an cheantair áitiúil a shainaithint
- Rialacháin reatha Sláinte agus Sábháilteachta san áit oibre a thuiscint
- Curriculum Vitae a chruthú agus a chur le chéile i bhformáid próiseála focal
- An inniúlacht agus na scileanna atá de dhíth chun dul le gairm ar leith a shainaithint agus anailís a dhéanamh orthu
- Socrúchán oibre a phleanáil agus a eagrú
- Bheith ag comhoibriú le daoine eile mar chuid d'fhoireann
- Cur síos a dhéanamh ar na tréithe agus na scileanna a bhaineann le daoine fiontracha

- Tuairisciú ar chuairt chuig an seomra ranga ó fhiontraí atá ag obair laistigh den tionscal foirgníochta agus ar chuairt chuig tionscal áitiúil atá ag feidhmiú laistigh den earnáil foirgníochta

**Foireann GCPAT:**

Comhordaitheoir Cláir

Comhordaitheoir GC(P)AT

Múinteoirí Nascmhodúl (3 mhúinteoir)

An Fhoireann-

Cuirtear an fhoireann GCAT ar bun ag tús an téarma scoile agus buaileann siad le chéile ansin, le linn cruinnithe beartaithe don phleanáil ábhair agus go neamhfhoirmiúil nuair is gá le linn na bliana acadúla.

**Leithdháileadh Ama**

5Ú Bliain:

Dhá sheisiún daichead nóiméad (Dé Luain agus Dé Máirt P.8, 2.25:-3.05) comhuaineach le grúpaí teagaisc

**Cuir Chuige Teagaisc:**

Meastar go mbeadh cur chuige comhtheagaisc ar an gcur chuige is fearr le freastal ar riachtanais an ghrúpa Gairme.

**Nuatheanga Iasachta:**

Cuirfidh beirt Theagascóir Ranga sa Fhraincis nó sa Ghearmáin an ceanglas maidir le Nuatheanga Iasachta ar fáil ag brath ar na roghanna ábhar atá déanta ag an scoláire cheana féin.

**Tábla 1: Breac-chuntas ar an bplean**

| Téarma | Béim |
|---|---|
| Téarma 1 | • An próiseas a chur ar bun - grúpa GCPAT a bhunú<br>• Tosaíonn an scoláire ar an bpunann fhiosraithe gairme |
| Téarma 2 | • Cuairteanna scoile ó cheannairí tionscail ó réimse de ghairmeacha le bualadh leis an scoláire agus chun mion-iniúchadh a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a bhaineann lena ngairm |
| Téarma 3 | • Scoláire ag tabhairt faoin gcúrsa Pas Sábháilte sa scoil (iad siúd faoi aois san Idirbhliain)<br>• Scoláire ag tabhairt cuairt ar Ireland Skills Live Expo i mBaile Átha Cliath<br>• Cuairteanna láithreáin chuig tionscadail tionsclaíochta. |

- Beidh an Gairmrang ag fanacht laistigh den siollabas traidisiúnta GCAT agus beidh ar siúl dhá uair in aghaidh na seachtaine ar feadh daichead nóiméad sa thréimhse teagaisc.
- Roinnfear beirt scoláirí is tríocha ina dhá ghrúpa ranga de sheisear déag de réir a ngairmeacha printíseachta a ndearnadh iniúchadh orthu cheana le linn mhodúil ghairme na hIdirbhliana.
- Déanfar beirt mhúinteoirí a shannadh do gach grúpa ranga agus ról teagascóra acu ag díriú ar ochtar scoláire an duine.
- Beidh ranganna Matamaitic Fheidhmeach Printíseachta ar fáil don scoláire, a bheidh ina meascán de Mhatamaitic agus den Fhisic riachtanacha.
- Leanfar an siollabas traidisiúnta GCAT agus gach scoláire sa chohórt seo ag glacadh páirt sna Modúil Naisc. Cuireann an dá mhodúl, Modúl Naisc 1 Ag Ullmhú do Shaol na hOibre agus Modúl Naisc 2 Oideachas Fiontraíochta leis an réasúnaíocht is bun le rang Phrintíseachta Gairme a chur ar siúl.
- Oibreoidh comhordaitheoir na gClár i gcomhar leis an gcomhordaitheoir Gairme agus an fhoireann GCPAT (teagascóirí) agus beidh cruinnithe rialta acu chun na torthaí foghlama a phlé ó pheirspictíochtaí teagaisc agus foghlama chomh maith le saincheisteanna riaracháin a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn tréimhse an chás-staidéir seo.

- Leanfaidh an scoláire ar aghaidh le cuairteanna tionscail agus le freastal ar sheimineáir ghairmeacha intí agus seachtracha, tabharfaidh ceannairí Tionsclaíochta cuairteanna ar an scoil chun leanúint leis na naisc a bhunaigh an fhoireann Ghairme go dtí seo. Tá an tacaíocht leanúnach seo agus an t-am teagmhála riachtanach do rath an chláir seo. Tá an scoláire ag freagairt d'ionadaithe Tionsclaíochta, idir fhostóirí agus institiúidí foghlama, ag tabhairt cuairteanna ar an scoil rud a fhágann gur féidir comhráite a fháil agus naisc a chruthú.
- Beidh Gradam Phrintíseacht na Bliana ar na Gradam Scoláirí ag deireadh na scoilbhliana. Táthar ag súil go gcuirfear cúig intéirneacht (Buaiteoir amháin agus ceathrar sa dara háit) ar fáil mar dhreasacht do na scoláirí ag glacadh páirt sa Ghairmghrúpa.
- Coinneofar logleabhar foghlama mar uirlis foghlama leanúnaí le feabhsú agus le hathrú gnéithe an chúrsa do chohórt na bliana seo agus ag dul chun tosaigh grúpa na bliana seo chugainn. Beidh an logleabhar ina léiriú dílis ar na rudaí dearfacha agus diúltacha a tharla le linn an chláir seo a chur i gcrích.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment